Eagrán : Nollaig 2024

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

19/12/2024



**Beannachtaí na Nollag oraibh go léir**



## Nollaig Shona

Tá atmaisféar álainn sona le brath thart timpeall na scoile ó thús na bliana agus go speisialta le cúpla seachtain anuas agus na páistí ag tnúth go mór leis an Nollaig. Tá mí spraoiúil, spleodrach curtha isteach againn i nGaelscoil Thaobh na Coille agus muid ar fad ag súil le saoire na Nollag! Mí fíor-ghnóthach ab ea í agus imeachtaí go leoir ar siúl ag na páistí.



Ba mhaith liom thar cheann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille Nollaig mhór mhaith, sona, sábháilte & sláintiúil agus athbhliain faoi mhaise, a ghuí ar fhoireann, ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí uile na scoile.

*There has been a joyful and happy atmosphere around the school since the beginning of the school year and especially over the last few weeks as the children get really excited about Christmas. We had a fun filled, exciting December and had a really busy month with lots of events for the children. We are all looking forward to the Christmas holidays!*

*On behalf of the Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille I would like to wish a very happy and healthy Christmas and new year to all the staff, parents and pupils of the school.*

Go mbeirimíd beo ar an am seo arís!

## Bronntanas Rúnda

Buíochas ollmhór le Sarah Consaidín agus Cumann na dTuismitheoirí a d'eagraigh siopa na mBronntanas Rúnda do na páistí ar an Aoine 6 Nollaig. Bhí sé go hálainn na tuismitheoirí ar fad a fheiceáil ag cabhrú ar an lá agus ag déanamh an-iarracht pé Gaeilge a bhí acu a labhairt leis na daltaí agus iad istigh sa halla - maith sibh *agus go raibh maith agaibh!* Bhí na páistí ar bís agus iad an-sásta go deo ag dul abhaile leis na féiríní deasa dá dtuismitheoirí. Tá súil agam nach bhfuil inste acu daoibh cad a bheidh á fháil agaibh ar lá Nollaig!

*A huge thank you to Sarah Consaidín and Cumann na dTuismitheoirí who organised 'Siopa na mBronntanas Rúnda' for the children on Friday 6th December. It was lovely to see all the parents helping out on the day and trying very hard to speak whatever Gaeilge they had with the pupils while they were in the hall - maith sibh The children were excited and very happy going home with the nice treats for their parents. I hope they haven't told you what you'll be getting on Christmas Day !*







*Daltaí ó R4B ag cuidiú le daltaí ó N2B bronntanais a roghnú dá dtuismitheoirí*

## Féile na Nollag

Bhí Féilte Nollag na ranganna sóisearacha ar siúl i halla na scoile ar an gCéadaoin agus an Aoine 11 & 13 Nollaig. Le cinnte a dhéanamh de go mbeadh spás a sa halla do  na tuismitheoirí ar fad bhí dhá Fhéile againn, ceann amháin do ranganna na naíonáin agus ceann eile do ranganna 1 & 2. Bhí an halla lán go doras don dá sheó agus scuaine fhada taobh amuigh den doras roimh am  tosaithe an seó! Cé go bhfuil an il-iomad seó nollaig feicithe agam ó thosaigh mé amach ag múineadh cuireann sé gliondar ar mo chroí, bliain i ndiaidh bliana na páistí óga a fheiceáil ag aisteoireacht agus ag canadh amach in ard a gcinn is a ngutha.

Bhí siad  ar fad ar fheabhas mar is gnáth. Maith sibh a chailíní agus a bhuachaillí.

Bhí oíche álainn eile againn ar an Mháirt seo thart 17 Nollaig nuair a bhí Féile Nollaig na ranganna sinsearacha ar siúl.

Chun cinnte a dhéanamh de nach mbeidh an halla chomh lán agus a bhí anuraidh (easpa spáis sa halla) chuireamar dhá sheó ar siúl le compórd agus sábháilteacht gach duine a chinntiú, seó amháin ag a 1pm agus ceann eile ag a 7pm

Ceapaim go n'aontóidh sibh liom gur ceiliúradh an-oiriúnach a bhí ann don am speisialta seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na soile as an obair agus an ullmhúchán ar fad a chuireadar isteach sna féiltí éagsúla. Mar a deir an seanfhocal 'Ní Neart go cur le Chéile'.

Buíochas speisialta leis na ceoltóirí agus na hamhránaithe aonair foirne a chuir agus a chuireann go mór leis na hócáidí scoile ar fad a bhíonn againn i rith na bliana.

## Féile na Nollag

*Our Féilte Nollaig for the junior classes were held on Wednesday and Friday 11th & 13th December last. In order to ensure that there would be enough space in the hall for parents, two concerts were held, nne for our infant classes and the second for 1st & 2nd class. The hall was packed to the rafters for both concerts with a long queue forming outside in the yard prior to the doors being opened! Although I have seen many christmas concerts since I began my teaching career I am still entralled watching the young children performing and singing their little hearts out for their parents.*

*Bhí siad  ar fad ar fheabhas mar is gnáth. Maith sibh a chailíní agus a bhuachaillí.*

*We had another lovely night on Tuesday just gone, 17th December when Féile na Nollag R3 go R6 was held.*

*To ensure that the hall is not as full as it was last year (limited space in the hall) and to ensure every ones comfort and safety we put on two shows instead of one this year, the first at 1pm and the second at 7pm.*

*I think you will all agree that it was a lovely and fitting festive celebration. I have to thank all the Múinteoirí involved in the preparation and execution of all three concerts. They work hand in hand and as the seanfhocal says: Ní neart go cur le Chéile' .*

*A special buíochas to the  the staff musicians and solo singers who performed on the night and who add greatly to all the school events throughout the year.*



*Féile na Nollag R3 go R6 -  Máirt 17 Nollaig 2024*

**SCOIL ag ATHOSCAILT do Théarma an EARRAIGH**

**LUAN 06/01/2025**



**SCHOOL RE-OPENING for SPRING TERM**

**MONDAY 06/01/2025**









Féile na Nollag N1/N2 : Daltaí ó Rang a N2

## Crannchur na dTicéad Órga

Buíochas le gach duine a chuir bronntanais ar fáil do shiopa na mBronntanas Rúnda. Bhí sibh an-fhlathúil go deo. Déanadh an tarraingt do chrannchur na dticéad órga inné & ní gá a rá ach go raibh na páistí ar bís faoi! Féach liosta na mbuaiteoirí thíos.

*Thanks to all those who donated gifts to the* Siopa na mBronntanas Rúnda. *You were extremely generous. The golden ticket's raffle was held yesterday and needless to say the children were very excited about it! List of winner below.*

Dearbhán €25 Bray Bowl: Síomha Ní Mhurchú R2A
Dearbhán €20 do Quattro: Johnny Dáibhís N1B
Dearbhán €20 do Quattro: Conall Ó Laoire R3B
Dearbhán Leabhar €15: Hugh Mac Giolla Bhríde
Dearbhán €10 Fire & Stone: Rian Ó Rua R3B
Dearbhán €10 Fire & Stone: Niamh Nic Uidhir R6B
Dearbhán €10 Fire & Stone: Isabel Ní Earcaí N2A
Squishmallow: Rua Mac Innéirí R4A
Cluiche Frustration: Rose Ní Eachteirn R3B
Cluiche Uno: Chloe Ní Bhroin N2B
Cluiche Bingo: Isaac Ó Cionnaith Ó hÓistigh
Teach Sinséar/Gingerbread House: Cillian Marascal N1A
Cluiche Cluedo Junior: Olivia Nic Ionrachtaigh-Maonaigh
Mír Mearaí Harry Potter: Sarah Ní Thuathaigh R5B
Selection Box: Rachel Ní Mhurchú R5A
Selection Box: Ted Ó Broin N1B
Selection Box: Alexis Déiseach R3B

Buíochas le na comhluchtaí a rinne urraíocht ar an gcrannchur.

*Thanks to the businesses who donated prizes for the raffle.*

## Féilire 2025

Mar gheall ar chuinsí gan choinne, cuireadh moill ar Fhéilirí Scoile 2025. Dáilfear ar scoil iad ar an Luan, 6 Eanáir. Ár leithscéal faoi sin.

Due to unforeseen circumstances, the 2025 school calendars have been delayed. They will be distributed at school on Monday, 6th January. Apologies for that.



## Comórtas Maisiúcháin Nollaig Recycled Christmas Decorations Competition



Bhain R4B an Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh an-sult as a bheith ag maisiú an seomra ranga don Nollaig. Rinneadar maisiúcháin álainn le hearraí athchúrsáilte agus chuireadar isteach ar chomórtas a d'eagraigh Comhairle Contae DLR. Bronnadh duais ar Rosa Nic Giolla Mhuire don mhaisiúchán a rinne sí i Halla an Chontae, Dún Laoghaire. Comhghairdeas léi.

*R4B Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh enjoyed decorating the classroom for Christmas. They made beautiful decorations with recycled items and they entered a competition organised by DLR County Council. Rosa Nic Giolla Mhuire was awarded a prize for her superb decoration which was presented to her at an awards ceremony in the County Hall, Dún Laoghaire. Congratulations to her.*








## Tráth na gCeist Matamaitice Maths Quiz

Ghlac Adam Ó Tuathaigh (R6A), Rebecca Ní Chlúmháin (R6A), Jaden Yao (R6B) agus Fionnán Ó Dubhthaigh (R6B) páirt i dTráth na gCeist Matamaitice i Scoil Shinseareach Naomh Athracht, Cluain Ghlaise Dé Céadaoin, 27 Mí na Samhna.
Bhíodar ag iomaíocht i gcoinne 21 scoil eile ó Bhaile Átha Cliath agus Contae Chill Mhantáin. Cé nár bhuadar an comórtas, d'éirigh go han-mhaith leo agus bhaineadar an-sult as an ócáid.

*Adam Ó Tuathaigh (R6A), Rebecca Ní Chlúmháin (R6A), Jaden Yao (R6B) and Fionnán Ó Dubhthaigh (R6B) participated in a Maths Quiz hosted by St. Attracta's Senior National School, Meadowbrook on Wednesday, 27th of November.*
*They went up against 21 other schools from across Dublin and County Wicklow. They fared well in the competition and thoroughly enjoyed competing on the day.*





# Cén fáth gur maith leat an Nollaig ? Why do you like Christmas?



## N1A Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn

An rud is fearr faoin Nollaig ná na maisiúcháin a chur suas. *Isaac Ó Cionnaith Ó hOistigh*

Is breá liom an Nollaig mar nuair a dhúisím ar maidin feicim mo bhronntanais ó Dhaidí na Nollag. *Alix Ní Bhraonáin Nic Alastair*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná Daidí na Nollag ag teacht anuas an simléar, an bia a thugaim do na fia agus bréagáin a fháil. *Luna Nic Giolla Chainnigh*

Is breá liom an Nollaig mar tagann Daidí na Nollag. *Rose Ní Mhaolagáin*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná trucall lego a fháil ó Dhaidí na Nollag. *Bobby Ó Raghallaigh*



## N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná a bheith ag spraoi le mo bhreágáin agus grá a léiriú do mo dhaid, mo mhamaí agus mo theaghlach. *Johnny Dáibhís*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná fear sneachta a thógáil nuair a bhíonn sneachta ann. *Isaac Mac Donnacha*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná an sneachta, na maisiúcháin agus na bréagáin ar fad. *Eibhlís Nic an tSaoir*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná dul amach don dinnéar le mo mhamaí agus daidí. *Éabha Ní Dhuinn*

## N2A Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

Is breá liom an Nollaig mar go dtagann Daidí na Nollag. *Áedán Ó Cathláin*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn bronntanais faoin gcrann Nollaig. *Scott Ó Dúill*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná go gcuirimíd brioscaí amach do Dhaidí na Nollag. *Faye Másún*

Is maith liom an Nollaig mar go mbíonn síofra i mo theach. Éabha Ní Mheadhra

Is breá liom an Nollaig mar go gcaitheann tú am le do chairde agus do chlann. *Isobel Ní Dheoráin*



## N2B Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh

Is breá liom an Nollaig mar go mbeidh Daidí na Nollag ag teacht. *Avélia Annett*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn bronntanais ag bun an chrann Nollaig. *Alice Nic Stiofáin*

Is breá liom an Nollaig mar go mbíonn crann Nollaig againn. *Giolla Nic Aogáin*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn gach duine an-chairdiúil agus is maith liom go dtagann mamó agus daideo go dtí an teach don dinnéar. *Evan Ó Dálaigh*

Is maith liom an Nollaig mar go mbíonn sneachta againn. *Cillian Ó Conchúir*



## Is breá liom an Nollaig mar .....

## I love Christmas because....

**R1A Múinteoir Emma de Róiste**

Is breá liom an Nollaig mar go mbíonn gach duine cabhrach agus cineálta lena chéile. *Caoimhe Nic Giolla Phádraig*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná go ndéanaimid céiliúradh ar bhreith Íosa. *Jacob Mac Donnacha*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná cluichí a imirt le mo chlann ar fad. *Ali Ní Ghabháin*

Taitníonn an Nollaig liom mar go dtagann gach duine le chéile. *Áine Ní Chorragáin*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná dinnéar Nollag a ithe leis an gclann ar fad. *Robin Ó Donnchadha*



**R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid**

An rud is fearr faoin Nollaig ná na coinnle a lasadh ar fhleasc na hAidbhinte sa seomra ranga. *Clíodha Nic Uidhir*

Is breá liom an Nollaig mar gur breithlá mo dhaidí atá ann ar Oíche Nollag. *Emily Nic Giolla Bhríde*

Taitníonn an Nollaig liom mar gur rugadh an leanbh Íosa. *Moya Ní Dheoráin*

An rud is fearr faoin Nollaig ná bualadh le mo chol ceathracha ar maidin Lá Nollag. *Riley Ní Ghliasáin*

An rud is fearr faoin Nollaig ná am a chaitheamh le mo chlann. *John Paul Ó Clúmháin*





**R2A Múinteoir Lauryn Bhreathnach**

Is breá liom an Nollaig mar go mbíonn bia blasta againn. *Harraí Ó Dell*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn gach duine sásta. *Conn Breathnach*

An rud is fearr faoin Nollaig ná go bhféachaimíd ar Elf ar Oíche Nollaig sula dtéimíd inár gcodladh. *Lucy Ní Chléirigh*



**R2B Múinteoir Ciara Ní Bháille**

Is breá liom an Nollaig mar gur breithlá Íosa atá ann. *Lucy Ní Chaoinleáin*

Taitníonn an Nollaig liom mar gur féidir liom am a chaitheamh le mo theaghlach. *Robbie Ó Néill*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná go mbíonn gach duine sona sásta. *Heidi Ní Loinsigh*



**R3A Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte**

Is breá liom an Nollaig mar go dtagann mo chlann ar fad le chéile. *Ethan Ó Cuinn*

Taitníonn an Nollaig liom mar gur rugadh ár slánaithroir Íosa Mac Dé. *Tomás Ó Deasúnaigh*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná nuair a chuirimid suas an crann Nollag. *Darragh Ó Domhnaill*



Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn gach duine gealgháireach. *Marnie de Poire*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná na hamhráin Nollaig. *Iarlaith de Lása Ó Briain*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn soilse ar lasadh sa dorchadas. *Arthur Ó Ciara*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná daoine ag caitheamh geansaithe Nollag agus na maisiúcháin ar fad. *Lucy Nic Seincín*



**R3B Múinteoir Jack Ó Loineacháin**

Is breá liom an Nollaig mar go mbíonn tú in ann am speisialta a chaitheamh le do theaghlach. *Sarah Ní Chléirigh*

Taitníonn an Nollaig liom mar go bhfuil tú ábalta áthas a chur ar dhaoine eile. *James Ó Dubhthaigh*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná mo thuismitheoirí a dhúiseacht as an leaba ar mhaidin Nollag. *Alexis Déiseach*

An rud is fearr faoin Nollaig ná a bheith ag oscailt na mbronnranas le mo chlann. *Khloe Ní Mháille R4B*



**R4A Múinteoir Micheál Ó Mocháin**

Is breá liom an Nollaig mar go gcaithim go leor ama le mo chlann. *Charlotte Ní Ghnímh*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mothaím sábhailte ag an am seo. *Lola Nic Uidhir*

Is breá liom an Nollaig mar gheall ar na h-amhráin Nollaig ar fad. *Hannah Ní Lia*

Taitníonn an Nollaig liom mar gheall ar mo shíog ar an seilf. *James Ó Dúlainn*

An rud is fearr faoin Nollaig ná na maisiúchán uilig a bhíonn ar na tithe. *Oisín Ó Dubhthaigh*



**R4B Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh**

Is breá liom an Nollaig mar go mothaím sona agus speisialta ar Lá Nollag. *Lucy Láighléis*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn atmaisféar álainn mórthimpeall toisc gur rugadh an leanbh Íosa. *Ailbhe Ní Chocláin*

An rud is fearr faoin Nollaig ná an crann Nollag agus an boladh álainn péine a bhíonn air. *Dylan Ó Duinn*

Taitníonn an Nollaig liom mar go n-éiríonn liom bualadh le mo chol ceathracha agus imirt leo, rud nach dtarlaíonn ró-mhinic. *Hazel Ní Dhúghaill.*



**R5A Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock**

Is breá liom an Nollaig mar go dtagann mo chlann le chéile agus déanaimíd a lán rudaí le chéile. *Luke Ó Faranáin*

Taitníonn an Nollaig liom mar go mbíonn céiliuradh againn ar an 24ú le Jezessek agus bíonn céiliúradh againn ar lá Nollag nuair a thagann Santa. *Sophia Busek*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná go ndéanann mo Mhamó an dinnéar Nollag is fearr ar domhain. *Oscar Mac Gabhann*

An rud is fearr liom faoin Nollaig ná a bheith ag breathnú ar scannáin le mo chlann le seacláid the. *Violet Nic Seoin*



**R5B Múinteoir Micheál de Bhailís**

Is breá liom an Nollaig mar is gur breá liom dul go dtí an gheamaireacht. *Rachel Nic Gearailt*

Taitníonn an Nollaig liom mar gur maith liom a bheith ag imirt cluichí bhoird le mo theaghlach. *Aisling Ní Rua*

An rud is fearr faoin Nollaig ná prátaí rósta agus súlach ar lá Nollag! *Alex Ó Dubhthaigh*

**R6A Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh**

Is breá liom an Nollaig mar go dtagann mo chlann le chéile. *Fiadh Nic Cárthaigh*

Taitníonn an Nollaig liom mar go nithimíd béile mór blasta lá Nollag. *Jack Mag Fhloinn*

Is breá liom an Nollaig mar gur féidir leat do theach a mhaisiú le do chlann. *Ella Nic Cónaill*

An rud is fearr faoin Nollaig ná bíonn tú ag caitheamh ama i gcomhluadar do chlann. *Siún de Lása Ní Bhriain*



**R6B Múinteoir Colm Ó Coisdealbha**

Is breá liom an Nollaig mar go bhfuil mo bhreithlá ar an 28ú lá de mhí na Nollag. *Killian Ó Duibhir*

Taitníonn an Nollaig liom mar go bhfuil sí lán le grá agus bronntanais. *Erin Ní Sheannacháin*

An rud is fearr faoin Nollaig ná an bia. *Regan Ní Bhroin*









**Nollaig Shona & Athbhliain faoi Mhaise!**